# Scéal, Scéal, Scéal...

Cois Fharraige
fóram um pleanáil teanga

**8 Nollaig 2022** || Eagrán 125

*Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige.*

## Nóta ó na hOifigigh Pleanála Teanga...

**Ba bhreá linn cloisteáil uaibh, a chairde! Má tá teachtaireachtaí nó scéalta tábhachtacha agaibh le scaipeadh, ná bíodh drogall ar bith oraibh teagmháil a dhéanamh linn: optchoisfharraige@gmail.com Cuireann muid fáilte 's fiche roimh scríbhneoirí an cheantair freisin má tá píosa agaibh le foilsiú - alt faisnéise, filíocht, nuaíocht nó fógra. Fáilte roimh chách! Tá súil againn go mbainfidh sibh taitneamh as an eagrán seo.**







# Teacht le Chéile na Nollag

## Cumann Drámaíochta

### Club Foghlaimeoirí Gaeilge Chois Fharraige

áit a léireofar gearrdhráma nua:

## 'Gaeil an Lae Inniu'

le Máirín Mhic Lochlainn

& neart ceoil, amhránaíochta 's comhluadar!

## Dé Sathairn 10 Nollaig @ 8:30i.n. Tigh Chualáin

Beidh Teacht le chéile na Nollag ag Cumann Drámaíochta de chuid Club Foghlaimeoirí Gaeilge Chois Fharraige ar an Satharn 10ú Nollaig @ 8:30i.n. i dTigh Chualáin. Léireofar an gearrdhráma nua 'Gaeil an Lae Inniu' le Máirín Mhic Lochlainn ar an oíche agus beidh neart ceoil, amhránaíochta agus comhluadar breá ar an oíche! Fáilte roimh chách!

# OÍCHE ÁILLEACHTA CHOIS FHARRAIGE

Bhí oíche bhreá ag muintir Chois Fharraige ag an Oíche Áilleachta le gairid. Bhí seó faisin, taispeántas smididh agus taispeántas gruaige iontach ann ar an oíche, chomh maith le crannchur agus neart blaisíní deasa! Idir na síntiúis a tugadh ag an doras, chomh maith le díol na dticéid don chrannchur, bailíodh €1,295 do Breast Cancer Ireland! Tá An Fóram thar a bheith buíoch go raibh pobal Chois Fharraige, chomh maith le gnóthaí agus eagraíochtaí áitiúla chomh fial flaithiúil ina gcuid tacaíochta don ócáid. Buíochas le POTA, Cogaslann an Spidéil, Siopa an Phobail, Rúnda, Cló Iar-Chonnacht, Futa Fata, An Spailpín Fánach, Builin Blasta, Óstán Chois Fharraige, Tigh Slemon, Sioda, C Beauty, Centra Uí Dhomhnaill, yogalelaura agus Tigh Standun. B'iontach an taithí ag obair i gcomhpháirt le gnóthaí áitiúla Tigh Standún, An Builin Blasta agus Ciara's Cakes and Bakes. Buíochas freisin le Aoife Ní Neachtain & Ailbhe Ní Neachtain as ucht an cúnamh breise ar an oíche agus ar ndóigh, Bean an Tí den scoth Máire Treasa Ní Dhubhghaill.






# CRANNCHUR MÓR NA NOLLAG!

Beidh os cionn 100 duais le buachan i gCrannchur Mór na Nollag, a bheas á reáchtáil ag Cumann Micheál Breathnach ar an Domhnach 18 Nollaig. Dearbhán ola, ar fiú €1,000 é, atá urraithe ag Mylan agus ag Sweeney Oil, an phríomhdhuais ach tá neart duaiseanna breátha eile le buachan. Ní foláir ticéid a cheannach chomh luath agus is féidir. Is cuid den Chrannchur Náisiúnta Bliantúil, a reáchtálann Chumann Lúthchleas Gael é agus beidh gach ticéad a cheannaítear go háitiúil sa gcrannchur á chur sa droma mór don tarraingt náisiúnta a bheas ar bun mí na Márta, le carr nua Dacia Duster mar phríomhdhuais. €10 atá ar thicéad. Aon airgead a bhailítear go háitiúil as díol na dticéad is ag an gclub a fhanann sé. Is féidir níos mó eolais a fháil ar chuntas Facebook an chlub.

# CILL ÉINDE - CÉAD BLIAIN

Tá an leabhar 'Cill Éinde - Céad Bliain' ar fáil anois ó Siopa Francis, Tigh Uí Dhomhnaill agus Tigh Standún sa Spidéal. Ceiliúradh ar shéipeál an Spidéil atá sa leabhar ó 1907-2007. 'Sé Eoin Ó Droighneáin a chuir in eagar agus réitigh scríbhneoirí agus pearsa áitiúla míreanna dó - Máire Ní Neachtain, Maidhc P Ó Conaola, Feargal Ó Bearra agus Beairtle Ó Conaire ina measc.




# TAISPEÁNTAS EALAÍNE

Cuirfear tús le taispeántas ealaíne i nGailearaí Fíbín, i mBaile na hAbhann, ar an Satharn 10ú Nollaig. Beidh sé ar siúl ar an Domhnach freisin, chomh maith leis an deireadh seachtaine dár gcionn (17ú & 18ú Nollaig) idir 11 agus 5i.n. Feicfear cuid mhaith oibre ó ealaíontóirí áitiúla ag an taispeántas - Lelia Ní Chathmhaoil, Méadhbh Ní Eidhin agus Tadhg Ó Cuirrín san áireamh. Beidh ealaín ar díol ag an taispeántas chomh maith!




# SOILSE NOLLAG AN SPIDÉIL

Lasadh Soilse na Nollag sa Spidéal le gairid agus bhí slua maith bailithe ag an gcrosbhóthar don ócáid. Seo an dara bliain as a chéile ar socraíodh soilse Nollag sa sráidbhaile. Fuair an coiste áitiúil tacaíocht i mbliana ó Chomhairle Chontae na Gaillimhe, chomh maith le gnóanna áitiúla ar an mbaile beag. Bhí Máire Éilis Ní Fhlatharta i láthair le cúpla focal a rá agus na soilse á lasadh go hoifigiúil, chomh maith le ceol beo agus cuairt speisialta ó Dhaidí na Nollag fiú! Réitigh Molscéal mír iontach ar an ócáid agus tá sé le feiceáil ar a gcuntas Facebook: Molscéal.




# CUIREADH

Ba mhór ag Cló Iar-Chonnacht agus ag Peadar Ó Máille thú a bheith i láthair nuair a sheolfas Seosamh Ó Cuaig an leabhar

***'Murdar' ar an Lochán Beag***
*Eachtra i gCogadh na Saoirse*

**Tigh Mholly,**
**an Lochán Beag, Indreabhán**

**Dé hAoine, 9 Nollaig ag 8.00 i.n.**

**Seolfar 'Murdar' ar an Lochán Beag - Eachtra i gCogadh na Saoirse i dTigh Mholly ar an Aoine 9ú Nollaig @ 8i.n. Seosamh Ó Cuaig a sheolfaidh an leabhar atá scríofa ag Peadar Ó Máille agus foilsithe ag Cló Iar-Chonnacht. Fáilte roimh chách.**

# CLUB LEABHAR CHOIS FHARRAIGE

**Tiocfaidh Club Leabhar Chois Fharraige le chéile ar an gCéadaoin, 14 Nollaig @ 9i.n., Tigh Mholly in Indreabhán leis an leabhar taistil 'Seacht dTír Seacht dTeanga' le Diarmuid Johnson a phlé. Is féidir cóip den leabhar a cheannach ag www.leabharbreac.com Tar éis brise na Nollag, tiocfaidh an club ar ais le chéile ar an gCéadaoin, 18ú Eanáir i dTigh Mholly arís leis an leabhar filíochta 'Tonn Teaspaigh' le hAilbhe Ní Ghearbhuigh agus an leabhar neamhfhicsean 'An Ghaeilge agus an Eiceolaíocht' le Michael Cronin a phlé.**

# GEAMAIREACHT NA NOLLAG


Beidh geamaireacht na Nollag - Fionn agus an Bradán Feasa á léiriú ag Fíbín sa Taidhdhearc go luath! Cuirfear tús leis ar an 7ú Nollaig go dtí 17ú Nollaig. Beidh dhá léiriúchán in aghaidh an lae, chuile lá ag 2:30i.n. agus ag 7:30i.n. Téann praghasanna ó €14-16 Tá an gheamaireacht faoi stiúir Séamus Hughes agus feicfí Bláthnaid Daly, Conrad Jones-Brangan, Eilís Carey agus Donncha Crowley ann! Is féidir ticéid a cheannach ach 'Fíbín sa Taibhdhearc a chuartú ar Eventbrite.



# GREAMÁIN GHAEILGE AR LÍNE

Tá greamáin áille ar fáil, saor in aisce, ón suíomh idirlín 'www.connectthedotsdesign.com' Tá rogha iontach ar fáil do ghreamáin ildaite a bheadh an-fheiliúnach don seomra ranga, don ionad cúram leanaí nó ag abaile fiú!

Is iomaí frása deas atá ar na greamáin ar nós: "Obair iontach", "Ar fheabhas" agus "Iarracht Iontach". Cuirtear an leagan digiteach ar fáil saor in aisce agus ní mór iad a phriondáil tú féin.



# LASADH an Chrainn Nollag

18:00
9 NOLLAIG
@ ITT

MAISIÚCHÁIN LE DÍOL
AR AN OÍCHE
AR MHAITHE LE
COISTE NA DTUISTÍ

*Ná dearmad ar gheansaí agus hata na Nollag!!!*

Beidh ceol,
sóláistí
agus
aoi mór ann!